**Scríobh do Scrúduimhir anseo** | | **M47T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2005

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

| STAMPA IONAID |
|---|
| |

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag dul do gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar.**

**Roinn B** Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile** a fhreagairt.
Tá **80** marc ag dul do **Cheist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag dul do **Cheisteanna 2, 3, 4 agus 5.**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Roinn C** Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheist **amháin** ar ábhar roghnach agus **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)** den cheist a fhreagairt.
**Ní ceadaithe d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**
Tá **80** marc an ceann ag dul d'ábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag dul d'ábhar roghnach **2.**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Ní mór duit do scrúdpháipéar a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Roinn A

**Freagair <u>deich</u> gceist ar bith sa roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag dul do gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** **(a)** Liostaigh na ***dúile*** a fhaightear i bpróitéin. (4)

______________________________________________

**(b)** Mínigh a bhfuil i gceist le struchtúr ***príomhúil*** próitéine. (2)

______________________________________________

______________________________________________

**2.** **(a)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** shaghas aigéid shailligh agus liostaigh foinse bia **<u>amháin</u>** maidir le gach saghas díobh. (4)

| **Saghas an aigéid shailligh** | **Foinse bia** |
|---|---|
| | |
| | |

**(b)** Cad is aigéad sailleach riachtanach ann? (2)

______________________________________________

______________________________________________

**3.** **(a)** Ainmnigh feidhm **<u>amháin</u>** atá ag fóláit (aigéad fólach). (2)

______________________________________________

**(b)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** fhoinse mhaithe chothaiteacha fóláite (aigéid fóláite). (4)

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**4.** **(a)** Liostaigh **<u>dhá</u>** thoisc a mbíonn tionchar acu ar riachtanais fuinnimh daoine fásta. (4)

(i) ____________________________

(ii) ____________________________

**(b)** Mínigh an téarma ***Cothromaíocht Fhuinnimh***. (2)

____________________________

____________________________

**5.** **(a)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** vitimín atá intuaslagtha in uisce. (2)

(i) ____________________________

(ii) ____________________________

**(b)** Liostaigh **<u>dhá</u>** threoirlíne ar cheart iad a leanúint nuair a bhíonn glasraí á n-ullmhú chun cailliúint vitimíní a laghdú. (4)

(i) ____________________________

(ii) ____________________________

**6.** **(a)** Luaigh **<u>dhá</u>** fháth a ndéantar bia a phróiseáil. (4)

(i) ____________________________

(ii) ____________________________

**(b)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** shaghas breiseán a úsáidtear go coitianta i mbia próiseálta. (2)

(i) ____________________________

(ii) ____________________________

**7.** Aicmigh éisc úra agus luaigh sampla **amháin** de gach aicme díobh. (6)

| Aicmiú éisc úir | Sampla |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**8.** Mínigh **trí** éifeacht a bhíonn ag cócaireacht ar fheoil. (6)

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

(iii) ______________________________

______________________________

**9.** **(a)** Luaigh an cuspóir atá le bainistíocht acmhainní teaghlaigh. (2)

______________________________

______________________________

**(b)** Liostaigh dhá **thoisc** a mbíonn tionchar acu ar bhainistíocht acmhainní teaghlaigh. (4)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**10.** Luaigh fáth a meastar go bhfuil **dhá** cheann de na hairíonna atá liostaithe thíos tábhachtach nuair a bhítear ag déanamh cúraim d'fhabraicí. (6)

| Airí | Fáth |
|---|---|
| Roc-fhrithsheasmhach | |
| Láidir nuair a bhíonn an fhabraic fliuch | |
| Buandathach | |

**11.** **(a)** Luaigh **dhá** fhreagracht de chuid tomhaltóirí. (4)

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**(b)** Ainmnigh gníomhaireacht dheonach **amháin** a bhfuil cosaint tomhaltóirí mar chúram uirthi. (2)

______________________________________________

**12.** Breacrianaigh **trí** thoisc a shocraíonn (a mbíonn tionchar acu ar) an saghas tithíochta a roghnaíonn daoine. (6)

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

(iii) ______________________________________________

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile sa roinn seo.**
**Tá 80 marc ag dul do Cheist 1. Tá 50 marc an ceann ag dul do Cheisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1.** *Tá rogha trí shaghas feola ag bialann áitiúil le cur le mias pasta. Tá na príomhchothaithigh i ngach ceann de na trí shaghas feola liostaithe thíos.*

**Comparáid Chothaitheach na gComhábhar de réir an 100g**

| | **Mairteoil mhionaithe** | **Filéad sicín** | **Bagún** |
|---|---|---|---|
| **Fuinneamh (kcal)** | 221 | 116 | 428 |
| **Próitéin (g)** | 18.8 | 21.8 | 14.2 |
| **Lipidí (g)** | 16.2 | 3.2 | 41.2 |
| **Carbaihiodráit (g)** | 0 | 0 | 0 |
| **Iarann (mg)** | 2.7 | 0.5 | 1.0 |

**(a)** Ag baint úsáide as an eolas a sholáthraíonn an tábla agus ag cur treoirlínte maidir le hitheachán sláintiúil an lae inniu san áireamh, mol feoil **amháin** a d'fhéadfaí a úsáid sa mhias pasta.
Luaigh **trí** fháth le do rogha. (16)

**(b)** Mol mias tionlacain don mhias pasta a ndéantar tagairt do thuas.
Luaigh dhá **fháth** le do rogha. (12)

**(c)** Tabhair cuntas ar lipidí (saillte) agus déan tagairt dóibh seo a leanas:
- (i) feidhmeanna sa chorp
- (ii) foinsí sa réim bia
- (iii) airíonna
- (iv) luach fuinnimh. (32)

**(d)** Déan achoimre ar **chúig** thoisc ba cheart do thomhaltóirí a chur san áireamh nuair a bhíonn feoil agus táirgí feola á gceannach acu. (20)

**2.** ***Freastalaíonn Sorcha (16) ar a scoil iarbhunoideachais áitiúil agus faigheann sí an bus ar scoil ar a 8.00 a.m. agus filleann sí abhaile ar 5.00 p.m. Taispeánann an tábla thíos na béilí a chaitheann Sorcha ar ghnáthlá scoile.***

| | |
|---|---|
| **Bricfeasta** | Tada |
| **Lár na maidine** | Barra seacláide<br>Canna cola |
| **Lón** | Rollóg ispíní<br>Paicéad criospaí<br>Canna de dheoch coipeach oráiste |
| **Béile tráthnóna** | Sicín domhainfhriochta agus sceallóga<br>Uachtar reoite<br>Gloine uisce |

**(a)** Sainaithin agus mínigh **ceithre** fhadhb atá bainteach le réim bia a d'fhéadfadh teacht chun cinn má leanann Sorcha le réim bia den saghas seo. (16)

**(b)** Mol bianna eile le haghaidh smailc lár maidine agus lón Shorcha. (10)

**(c)** Luaigh conas a fhreastalaíonn na bianna atá molta agat ar riachtanais chothaitheacha déagóra. (12)

**(d)** Pléigh **trí** thoisc a théann i bhfeidhm ar roghanna bia déagóirí. (12)

**3.** ***Thaispeáin torthaí suirbhé slándála bia nár aithin ach 22.5% de thomhaltóirí $1^0$ C go $5^0$ C mar theocht ceart cuisneora. Fuarthas baictéir nimhithe bia i 40% de na cuisneoirí a tástáladh.***

(*Consumer Choice, Meitheamh 2003*).

**(a)** Tabhair cuntas ar phríomhfháthanna millte bia. (16)

**(b)** Leag amach mionsonraí taighde atá déanta agat ar fhearas cuisnithe. Déan tagairt dóibh seo a leanas:
- (i) na critéir ghinearálta atá le cur san áireamh nuair a bhítear ag roghnú an fhearais
- (ii) treoirlínte le haghaidh úsáide
- (iii) **dhá** ghné dhearaidh nua-aimseartha. (34)

**4.** ***Tá Eoin 25 bliana d'aois. Is é a ioncam seachtainiúil glan ná €370. Roinneann sé teach le triúr eile agus téann sé go dtí a ionad oibre gach lá ar bhus. Is ball é den chumann sláinte agus aclaíochta áitiúil arb é €350 a tháille bhliantúil ballraíochta. Tá sé beartaithe aige carr a cheannach an bhliain seo chugainn.***

**(a)** Ag baint úsáide as an eolas a thugtar thuas, déan buiséad seachtainiúil a phleanáil agus a leagan amach d'Eoin chun a chinntiú go mbaineann sé úsáid chiallmhar as a chuid airgid. (24)

**(b)** Ainmnigh agus tabhair sonraí de scéim thaisce **amháin** arbh fhéidir le hEoin leas a bhaint asti chun airgead a chur i dtaisce inti le haghaidh cairr. Luaigh **dhá** fháth le do rogha. (16)

**(c)** Ainmnigh **dhá** bhlúire eolais, de réir mar a éilíonn an tAcht um Chreidmheas Tomhaltóirí (1995), nach foláir a bheith san fhógra nuair a bhíonn earraí á gceannach ar cairde. (10)

**5.** **Is é an t-aonad traidisiúnta teaghlaigh in Éirinn go fóill ná an teaghlach atá bunaithe ar an bpósa** (Consumer Choice, Deireadh Fómhair 2003)

**(a)** Breacrianaigh **ceithre** ghné atá riachtanach chun an pósadh a dhéanamh dleathach in Éirinn. (16)

**(b)** Sainaithin agus tabhair cuntas gairid ar na roghanna atá ar fáil do lánúnacha a bhfuil deacrachtaí ina saol pósta faoi láthair. (24)

**(c)** Mínigh conas is féidir le nósanna pósta a bheith difriúil ó chultúr go chéile. (10)


## Roinn C

**Freagair ceist amháin sa roinn seo.**
**Ní ceadaithe d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) a fhreagairt mar aon le 1(b) nó 1(c).**

**1.(a)** **Taispeánann an léaráid thíos plean urláir le haghaidh bungaló trí sheomra leapa.**




Foilsitheoirí: Plan-A-Home, Príomhshráid Íochtair, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall

(i) Pléigh oiriúnacht an phlean tí sa léaráid thuas i gcás lánúine a bhfuil beirt chlainne orthu ar déagóirí iad. (15)

(ii) Tabhair cuntas gairid ar **cheithre** thoisc ar cheart iad a chur san áireamh nuair a bhíonn teach teaghlaigh á dhearadh. (16)

(iii) Rianaigh an próiseas (na céimeanna) a bhíonn i gceist chun cead pleanála iomlán a fháil. (10)

(iv) Mol **trí** bheart ab fhéidir a dhéanamh nuair a bhíonn teach á thógáil chun feabhas a chur ar an éifeacht fuinnimh. (9)

**agus**

**1.(b)** (i) Breacrianaigh na gnéithe ar cheart iad a chur san áireamh nuair a bhíonn cumhdaigh urláir á roghnú don teach. (16)

(ii) Mol saghas **amháin** cumhdaigh urláir le haghaidh cistine. Luaigh **dhá** fháth le do rogha. (14)

**nó**

**1.(c)** ***Is cuid de pholasaí an Rialtais é go gcuirfí ar chumas gach teaghlaigh áit chónaithe shocheannaithe de chaighdeán maith a bheith acu.***

(An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Ráiteas Straitéise 2001-2004)

(i) Ainmnigh agus tabhair sonraí maidir le scéim **amháin** cheannaithe tí a a dhéanann údaráis áitiúla a thairiscint do dhaoine nach bhfuil ar a gcumas teach dá gcuid féin a mhaoiniú. (15)

(ii) Tabhair tuairisc ar sholáthar áiseanna do theaghlaigh i bhforbairtí tithíochta nua-aimseartha. (15)

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) a fhreagairt mar aon le 2(b) <u>nó</u> 2(c).**

**2.(a)** ***Tá éadaí scíthe riachtanach mar chuid d'fheisteas déagóirí.***

(i) Sceitseáil agus déan cur síos ar chulaith reatha a bheadh oiriúnach do dhéagóir. (13)

(ii) Mínigh conas atá na prionsabail dearaidh seo a leanas curtha i bhfeidhm agat:
- béim
- cothromaíocht. (6)

(iii) Ainmnigh teicníc chomhdhéantús fabraice a bheadh oiriúnach d'fhabraic éadach scíthe. Luaigh fáth **<u>amháin</u>** le do rogha. (6)

**agus**

**2.(b)** (i) Pléigh **<u>trí</u>** thoisc a mbíonn tionchar acu ar riachtanais éadaí. (9)

(ii) Déan **<u>dhá</u>** ghabhálas a bhfuil tóir orthu faoi láthair i bhfaisean déagóirí a mheas. (6)

**nó**

**2.(c)** ***Tá méadú tagtha ar an réimse fabraicí saorga ar an margadh de thoradh forbairtí sa tionscal teicstile.***

Leag amach próifil d'fhabraic a dhéantar as snáithíní monaraithe ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas:
- táirgeadh snáithín
- airíonna somhianaithe
- airíonna domhianaithe. (15)

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) a fhreagairt mar aon le 3(b) nó 3(c).**

**3.(a)** ***Tá méadú suntasach ar líon na mban san fhórsa oibre. Sa bhliain 2002, ba é ráta rannpháirtíochta na mban ná 49%.*** (Daonáireamh, 2003).

(i) Tabhair cuntas ar na fáthanna a bhfuil méadú tagtha ar líon na mban i bhfostaíocht íoctha le blianta beaga anuas. (20)

(ii) Pléigh mar a chuireann an méadú ar líon na mban a bhfuil dhá shlí bheatha acu isteach ar (a) fhreagrachtaí an tuismitheora agus (b) ar chúraimí an teaghlaigh. (20)

(iii) Ainmnigh agus luaigh sonraí le haon scéim **amháin** ar bith de chuid an Rialtais a chabhraíonn le caiteachas teaglaigh atá ar ioncam íseal a laghdú. (10)

**agus**

**3.(b)** ***I sochaí an lae inniu is mó ná riamh an gá atá le ham fóillíochta***.

(i) Pléigh na fáthanna a bhfuil cúrsaí scíthe tábhachtach i sochaí an lae inniu. (15)

(ii) Tabhair cuntas ar **thrí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar phatrúin fhóillíochta an teaghlaigh. (15)

**nó**

**3.(c)** (i) Pléigh an tábhacht atá le scéimeanna fostaíochta pobalbhunaith (a) don duine féin agus (b) don cheantar áitiúil. (20)

(ii) Mínigh conas a fheidhmíonn an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) (1996) ar mhaithe le daoine óga san ionad oibre. (10)

# Leathanach Bán